ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

IAA FEIDHMÍOCHT 2011

Ioncam Idirnáisiúnta 80%

Tacaíonn an IAA le tionscal léasaithe eitlíochta na hÉireann atá i mbun sócmhainní ar fiú €100 billiún iad a bhainistiú

Iomlán na Sócmhainní ▲6.7% go €207m

IAA, cuideachta fo-Stáit tráchtála, ag saothrú brabúis ó bunaíodh é i 1994

Trácht idirnáisiúnta ▲2.6%

Freastalaíonn an **IAA** ar bhreis agus 90% de na haerárthaí uile atá ag taisteal ón Eoraip go Meiriceá Thuaidh

Ní fhaigheann an **IAA** aon mhaoiniú Stáit

Éire/An Ríocht Aontaithe FAB ag seachadadh coigiltí de thart ar €336m do chustaiméirí aerlíne 2008–2020

Iniúchóireacht um Maoirsiú Sábháilteachta ICAO 3ú san Eoraip

Clár Bainistíochta Aerthráchta COOPANS €50m curtha ar fáil in am, de réir sonraíochta, laistigh den bhuiséad

Brabús Oibriuchain
▲20% go €18m

Brabús roimh cháin
▲53% go €14m

CLÁR ÁBHAIR

Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin	1
Stiúrthóirí agus faisnéis eile	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Tuarascáil na Stiúrthóirí	13
Ráiteas ar chúraimí na stiúrthóirí	18
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách le baill Údarás Eitlíochta na hÉireann	19
Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta	21
Cuntas brabúis agus caillteanais	23
Ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta iomlána	24
Clár comhardaithe	25
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	26
Nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais	27
Achoimre chúig bliana 2007–2011	42
Gluais acrainmneacha	44

ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA SAN ATLANTACH THUAIDH

BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

	2011	2010	%
	€'000	€'000	Athrú
Buaicphointí Airgeadais			
Láimhdeachas	**179,036**	168,488	+6.3
Brabús i ndiaidh Cánach	**7,869**	6,599	+19.2
Iomlán na Sócmhainní	**207,128**	194,034	+6.7

	2011	2010	%
	Uimhir	Uimhir	Athrú
Gníomhaíocht Aerthráchta			
Traseitiltí Faoi Bhealach	**300,408**	292,813	+2.6
Trácht Tráchtála Críochfoirt	**195,905**	195,489	+0.2
North Atlantic Communications	**403,534**	389,174	+3.7
Fostaíocht			
Meánlíon Fostaithe	**695**	679	+2.4

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Stiúrthóirí
Anne Nolan Uasal
Cathaoirleach

An tUas. Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Lorraine Burke Uasal

An tUas. Pat Dalton

An tUas. Peter G Ledbetter

An Dr. Rosheen McGuckian

An tUas. Michael Norton

An tUas. Geoffrey O'Byrne-White

Rúnaí
Aideen Gahan Uasal

Iniúchóir
KPMG
Cuntasóirí Cairte
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí
Banc AIB cpt
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann
Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Dlíodóirí
A & L Goodbody
IFSC
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Oifig chláraithe
The Times Building
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

Teil: +353-1-671 8655
Facs: +353-1-679 2934
Láithreán Gréasáin:
www.iaa.ie

Uimhir chláraithe
211082

Bainistíocht shinsearach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Denis J Daly
Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Príomhoifigeach Airgeadais

Anthony Eiffe
Iniúchadh Inmheánach

Aideen Gahan
Rúnaí Cuideachta agus Dlíodóir

Philip Hughes
Teicneolaíocht agus Oiliúint

Kevin Humphreys
Rialú Sábháilteachta

Paddy Kennedy
Gnóthaí Corparáideacha

Donie Mooney
Oibríochtaí

Brendan Mulligan
Acmhainní Daonna

Freastal ar chruinnithe boird agus coiste 2011

Stiúrthóir	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a bhféadfadh an stiúrthóir freastal orthu	Líon na gcruinnithe coiste ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe coiste a bhféadfadh an stiúrthóir freastal orthu
Anne Nolan *Cathaoirleach*	6	6	3	3
Eamonn Brennan *Príomhfheidhmeannach*	6	6	1	1
Lorraine Burke	6	6	3	3
Pat Dalton	6	6	6	6
Peter G Ledbetter	6	6	6	6
Rosheen McGuckian	6	6	4	4
Michael Norton	1	1	0	0
Geoffrey O'Byrne-White	6	6	3	3
Claire O'Donoghue	6	6	3	3

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Anne Nolan
Cathaoirleach

Tháirg Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA), le linn na bliana seo a chuaigh thart, feidhmíocht eiseamláireach eile, mar rialtóir sábháilteachta agus mar sholáthraí seirbhísí aerloingseoireachta araon, i gcónaí aireach ar an bhfíric gurb ionann sábháilteacht eitlíochta agus ár bpríomhchuspóir.

Luaigh mé i mo ráiteas an bhliain seo caite go raibh mé ag tnúth, agus soirbheachas aireach orm, le fás i dtrácht i rith 2011. Bhí fás tráchta le linn 2011 maidir lenár ngnó idirnáisiúnta, traseitiltí faoi bhealach agus North Atlantic Communications, cé gur fhan ár ngnó intíre, trácht tráchtála críochfoirt statach. Tá an t-ionchas don IAA i 2012 go mór ag brath ar ghníomhaíocht mhéadaithe eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, ar aerthaisteal. Freastalaíonn an IAA ar bhreis agus 90% de na haerárthaí uile atá ag taisteal ón Eoraip go Meiriceá Thuaidh.

Is cuideachta fo-Stáit tráchtála fhéinmhaoinithe é an IAA agus ní fhaigheann sé aon tacaíocht airgeadais ón Státchiste.

Timpeallacht Oibriúcháin

Mar rialtóir sábháilteachta, mar aon le soláthraí seirbhíse, ní mór dúinn fanacht airdeallach agus a áirithiú go gcoinnítear ardchaighdeáin sábháilteachta, sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Oibríonn an IAA de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde mar atá fógartha ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO); ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA); ag an Aontas Eorpach (EU) ag EUROCONTROL; ag an gComhdháil um Eitlíocht Shibhialta Eorpach (ECAC).

Lean na héifeachtachtaí oibriúcháin nua, a thug an IAA isteach i mí na Nollag 2009, agus a cuireadh chun feidhme i 2010, le buntáistí airgeadais a thabhairt d'aerlínte i 2010, trí choigiltis sa líon ciliméadar eitilte, trí choigiltis in astuithe carbóin agus trí choigiltis oibriúcháin eile. Leanfaidh na héifeachtachtaí oibriúcháin seo, a thug coigiltis don tionscal ó tugadh isteach iad, lena leithéid a dhéanamh sna blianta atá amach romhainn. Déileáiltear leo níos mine in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

Leanfaidh an IAA ar aghaidh ag pleanáil, agus ag bainistiú, don iliomad cuspóirí agus dúshlán atá romhainn sna blianta atá le teacht. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas go háirithe:

- leanfaidh sé ag soláthar rialachán sábháilteachta éifeachtach do thionscal eitlíochta na hÉireann
- freastalóidh sé ar na trialacha a bhaineann le hathrú teicneolaíochta agus comhshaoil sa tionscal eitlíochta
- coimeádfaidh sé a bheith ina sholáthraí seirbhíse aerloingseoireachta atá sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de
- forbróidh sé na deiseanna a sholáthraíonn an tAerspás Eorpach Aonair
- coimeádfaidh sé seasamh ceannaireachta na hÉireann sa tionscal eitlíochta.

Táim muiníneach go gcomhlíonfar na cuspóirí seo agus go léireoidh muid ár dtiomantas maidir le seirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de a sholáthar, ar bhonn tráchtála iontaofa, a shásóidh riachtanais ár gcustaiméirí.

Feidhmíocht Airgeadais

Mar a luadh thuas, taifeadadh méadú ar thraseitiltí faoi bhealach, méadú 2.6% ar thrácht, agus b'ionann iomlán na n-eitiltí agus 300,000 eitilt. Bhí fás 3.7% ar thrácht chumarsáide go breis agus 403,000 eitilt. Bhí trácht tráchtála críochfoirt thionlactha gan athrú ag 196,000 gluaiseacht.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (ar lean)

B'ionann an t-ioncam iomlán don bhliain agus €179 milliún, agus mhéadaigh an brabús i ndiaidh cánach go €7.9 milliún i 2011 (méadú ó €6.6 milliún i 2010).

Nochtann clár comhardaithe an IAA go raibh cistí na scairshealbhóirí cothrom le €24.9 milliún ag an 31 Nollaig 2011, i gcomparáid le €49.8 milliún ag an 31 Nollaig 2010.

Tá an titim seo ar luach chistí na scairshealbhóirí mar thoradh ar an méadú an-suntasach ar an dliteanas pinsin faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 "Sochair Scoir". Léiríonn an méadú ar dhliteanas pinsin na dálaí eacnamaíocha éiginnte a bhí i ngeilleagair Eorpacha agus dhomhanda agus i margaí Eorpacha agus domhanda, mar a léiríonn an laghdú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun dliteanais phlean pinsin a luacháil agus an tearcfheidhmíocht shuntasach maidir leis an toradh ar shócmhainní plean pinsin i rith na bliana. Cuireann an glandliteanas pinsin dá dhroim sin cosc ar dhíbhinn a íoc leis an scairshealbhóir ag an am seo.

Rialachas corparáideach

Leanann an IAA le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i réimse an rialachais chorparáidigh, mar is cuí, i gcomhthéacs an IAA a bheith ina chomhlacht tráchtála fo-Stáit. Déantar cur síos ar a nósanna imeachta comhlíonta i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Buíochas

Is iomaí castacht agus dúshlán a bhaineann le hobair an IAA agus cabhraíonn go leor daoine go mór léi. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe boird a thug neart treorach don IAA le linn 2011, ní amháin mar chomhaltaí boird, ach mar chomhaltaí de na coistí boird éagsúla ar a bhfeidhmíonn siad freisin.

Ba mhian liom fáilte a chur roimh Michael Norton, a cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar chomhalta den Bhord ar an 6 Deireadh Fómhair. Gabhaim buíochas le Claire O'Donoghue a d'imigh ar scor ón mBord ar an 9 Eanáir 2012. Ba mhian liom buíochas speisialta a ghabháil freisin le Aideen Gahan as an tseirbhís thiomanta agus ghairmiúil a sholáthair sí mar rúnaí ar bhord an IAA.

Chomh maith leis sin, gabhaim buíochas le hArd-Rúnaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUas. Tom O'Mahony; leis an Rúnaí Cúnta, an tUas. John Fearon; agus lena bhfoirne faoi seach as a gcúnamh agus a dtacaíocht leanúnach i rith 2011. Bhí siad i gcónaí ar fáil go héasca dúinn agus chinntigh siad comhpháirtíocht den scoth leis an IAA.

Thar ceann an Bhoird, ba mhian liom ardmholadh a thabhairt do bhainisteoireacht agus d'fhoireann an IAA as ucht a dtiomantais, a ndíograise agus a ngairmiúlachta. Tá a saineolas agus a dtaithí ina sócmhainní tábhachtacha don IAA agus tréaslaím leo as an iliomad éachtaí a bhain siad amach le linn na bliana. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach agus comhalta Boird Eamonn Brennan, as a fhís, as a cheannaireacht spreagúil agus as a spreagadh maidir le feidhmíocht rathúil eile a bheith bainte amach ag an IAA i 2011.

Mar fhocal scoir, táim thar a bheith buíoch den Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Dr Leo Varadkar TD, as a thacaíocht dár ngníomhaíochtaí le linn na bliana.

Anne Nolan
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Sula ndéanfaidh mé trácht ar fheidhmíocht airgeadais na bliana, ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do dhá éacht de chuid an IAA le linn an dá mhí dhéag seo a chuaigh thart, is iad sin:

- an rath a bhí ar Chlár Iniúchóireachta an ICAO um Maoirsiú Sábháilteachta maidir le heitlíocht shibhialta na hÉireann, agus
- seachadadh Chlár Bainistíochta Aerthráchta COOPANS

Clár Iniúchóireachta an ICAO um Maoirsiú Sábháilteachta

Tá – agus bhí riamh - Clár Iniúchóireachta an ICAO um Maoirsiú Sábháilteachta mar phríomhthosaíocht ag an IAA, maidir le rialú a dhéanamh ar thionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann agus le bainistiú a dhéanamh ar na 451,000 ciliméadar cearnach d'aerspás faoi rialú na hÉireann. Féadaim a dhearbhú go léirítear sna torthaí oifigiúla de chuid Chlár Iniúchóireachta an ICAO um Maoirsiú Sábháilteachta – a foilsíodh i mí an Mhárta 2011 agus a rinneadh i 2010 – go bhfuil Éire rangaithe i measc cuid de na tíortha is fearr ar domhan, agus go bhfuil sí sa tríú háit san Eoraip maidir lena maoirsiú sábháilteachta ar eitlíocht shibhialta. Ba é an IAA, tríd an Stiúrthóireacht um Rialachán Sábháilteachta go príomha – le cúnamh ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – an príomhphointe fócais do dhian-iniúchadh an Stáit de réir Iarscríbhinní ábhartha Choinbhinsiún Chicago. Is le gach duine a bhaineann leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an IAA, a deirim: "maith sibh".

Clár Bainistíochta Aerthráchta COOPANS

Luaigh mé, i m'athbhreithniú an bhliain seo caite, gurbh í an phríomhthosaíocht oibriúcháin agus teicneolaíochta le linn 2011 gur chóir don IAA bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme comhardáin bhainistíochta aerthráchta (ATM) lenár gcomhpháirtithe i dtionscnamh COOPANS (Comhoibriú i Soláthar na gCóras Loingseoireachta). Tá ról tábhachtach ag an gcéad chéim – faoina bhfuil an IAA, Naviair (an Danmhairg), Grúpa LFV (an tSualainn) agus AustroControl (an Ostair) ag obair le Thales ATM chun comhardán bainistíochta aerthráchta – maidir le héifeachtacht teicneolaíochta an Údaráis a fheabhsú amach anseo.

Tá an-áthas orm gur baineadh na príomhchuspóirí uile amach agus gur cuireadh an tionscadal chun feidhme go rathúil sa tSionna agus i gCorcaigh ar an 18 Aibreán, agus i mBaile Átha Cliath ar an 11 Bealtaine. Seachadadh an tionscadal in am, de réir sonraíochta agus laistigh den bhuiséad. Éacht iontach a bhí ann seo, ní amháin don IAA, ach do gach comhpháirtí COOPANS agus do Thales ATM a d'oibrigh le chéile chun an toradh rathúil seo a bhaint amach.

Is ionann an córas nua agus an chéad chóras san Eoraip a tugadh isteach faoi chomhaontú comhoibríoch soláthair den sórt sin idir soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta agus monaróir an chórais, Thales ATM. Is ionann an córas, a cuireadh chun feidhme i 2011, agus comh-infheistíocht de beagnach €200 milliún, mar atá scair €50 milliún ag an IAA. Dar le hanailísithe neamhspleácha, chuir an mhodheolaíocht chomhoibríoch soláthair coigiltis arbh ionann agus thart ar 30% den chostas iomlán ar fáil.

Tá creidiúint mhór ag dul do bhainisteoireacht agus d'fhoireann an IAA as seachadadh rathúil na gcóras nua. Rannchuidigh siad go léir leis an rath a bhí ar an gclár mór infheistíochta seo, rud atá ar siúl ó 2006 nuair a síníodh comhaontú bunaidh COOPANS. Baineadh é seo amach trí obair foirne. Is fiú lua gur baineadh amach na príomhchuspóirí uile don chlár nua idir 2006 agus 2011 nuair a cuireadh an córas nua i bhfeidhm go hiomlán.

Rialachán Sábháilteachta

Is ar bhonn idirnáisiúnta a leagann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) síos caighdeáin sábháilteachta eitlíochta; agus, i gcomhthéacs na hEorpa, is iad an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA); an tAontas Eorpach (EU); EUROCONTROL; an Chomhdháil um Eitlíocht Shibhialta Eorpach (ECAC); agus, san Atlantach Thuaidh, Grúpa Pleanála na gCóras san Atlantach Thuaidh (NAT SPG) a leagann síos iad.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (ar lean)

Is í an Stiúrthóireacht um Rialachán Sábháilteachta (SRD) de chuid an IAA a dhéanann maoirsiú agus rialú ar chur chun feidhme na gcaighdeán seo i dtionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann i gcomhréir go hiomlán le caighdeáin an ICAO, an EASA agus EUROCONTROL. Leanamar orainn i 2010 le hardchaighdeáin sábháilteachta a choimeád sa tionscal eitlíochta sibhialta in ainneoin na ndeacrachtaí ag an am.

Déanann an IAA cur chun cinn gníomhach ar chur chun feidhme córas bainistíochta sábháilteachta sna tionscail aerlíne agus chothabhála aerárthaí, ag aeradróim cheadúnaithe, agus i ndáil le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta.

Bhí 1,233 aerárthach ar chlár na n-aerárthaí ag deireadh 2011, (cuimsithe de 669 aerárthach mór agus 564 aerárthach beag); tá Deimhniú Aeroibreora Éireannach ag 15 oibreoir (agus flít iomlán de 421 aerárthach de mhéideanna éagsúla). Bhí 276 aerárthach Éireannach ar "léasanna tirime" thar lear, nó i stóras, ag deireadh na bliana. Sa bhreis air sin, formheasann an IAA áiseanna oiliúna, cothabhála, déantúsaíochta agus stórála.

Feidhmíocht Airgeadais

In ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch reatha agus na staide eacnamaíche neamhchinnte san Eoraip, tháirg an IAA feidhmíocht airgeadais rathúil i 2011, agus méadú tagtha ar thrácht, ar láimhdeachas agus ar bhrabús oibriúcháin. Léirigh príomhtháscairí feidhmíochta aerthráchta an IAA i 2011 na nithe seo a leanas:

- Bhí an líon *traseitiltí faoi bhealach* (ar fud na 451,000 ciliméadar cearnach d'aerspás faoi rialú na hÉireann) cothrom le 300,408, méadú 2.6% ó 2010.
- Sholáthair *North Atlantic Communications* (ar a bhfreastalaíonn ionad cumarsáide Ardmhinicíochta (AM) an IAA i mBaile Uí Gheirín) 403,534 eitilt le seirbhísí cumarsáide gutha ardmhinicíochta, méadú 3.7%. Tá an t-ionad freagrach as cumarsáid trí raidió fadraoin, le beagnach 1,250 eitilt thrasatlantach gach lá.
- D'fhan na figiúirí *críochfoirt* statach (an líon iomlán gluaiseachtaí d'aerárthaí tráchtála críochfoirt i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus sa tSionna) ag 195,905 gluaiseacht.

Tá nuashonruithe tráchta míosúla ar fáil ar ár láithreán Gréasáin: **www.iaa.ie**

Tá uchtach agam mar gheall ar thásca a chuir in iúl go mbeadh feabhas ar an tionscal eitlíochta i rith 2011, cé nach bhfuil réamhaisnéisí EUROCONTROL le déanaí chomh dearfach leis sin don bhliain reatha. De réir tuairiscí le déanaí ón IATA; tháinig ardú 6.9% ar aerthaisteal idirnáisiúnta anuraidh; bhí fás tráchta 9.5% ag iompróirí na hEorpa (taobh thiar don fhás 10.2% a bhí ag iompróirí Mheiriceá Laidinigh); bhí na fachtóirí ualaigh is airde ag iompróirí Mheiriceá Thuaidh ag 80.7%.

Torthaí Airgeadais

Feidhmíocht: Tugann torthaí airgeadais an IAA do 2011 léargas dúinn ar an bhfeabhas a tháinig ar ghníomhaíocht sa tionscal, rud a raibh ina chúis le brabús oibriúcháin €17.9 milliún, i gcomparáid le €14.9 milliún i 2010.

Láimhdeachas: Thuill an IAA ioncam de €179 milliún (méadú ó €168.5 milliún sa bhliain roimhe sin), méadú 6.3%. Bhí an t-ioncam ó thraseitiltí agus ó chumarsáid cothrom le 74% de láimhdeachas agus bhain sé le haerárthaí; aerárthaí nár thuirling in Éirinn den chuid is mó.

Thuill seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach (traseitiltí) €113.6 milliún (nó 63.5% de láimhdeachas), agus thuill seirbhísí North Atlantic Communications €17.6 milliún (nó 9.8% de láimhdeachas).

Bhí an láimhdeachas ó sheirbhísí loingseoireachta críochfoirt (curtha ar fáil d'aerárthaí le haghaidh ascnaimh, tuirlingthe agus éirithe de thalamh ó aerfort Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionna) cothrom le €25.2 milliún (nó 14.1% de láimhdeachas).

Bhí an láimhdeachas ó tháillí a fuarthas de thoradh feidhmeanna rialacháin sábháilteachta curtha i gcrích ag an IAA, amhail clárú agus deimhniú aerárthaí, pearsanra aerárthaí, eagraíochtaí oibrithe agus cothabhála aerárthaí, agus aeradróim cothrom le €19.5 milliún (nó 10.9% de láimhdeachas).

Bhí an láimhdeachas a bailíodh ó tháillí ó ghníomhaíochtaí tráchtála, a bhain le comhairleoireacht agus le tascanna oiliúna a cuireadh i gcrích, cothrom le €1 milliún (nó 0.6% de láimhdeachas).

Costais: B'ionann costais oibriúcháin agus €161.1 milliún agus 90% de láimhdeachas i 2011, i gcomparáid le 91.1% i 2010.

Clár Comhardaithe: Laghdaigh sócmhainní seasta inláimhsithe an IAA go €101.4 milliún ó €119.2 milliún i 2010, rud a léiríonn dímheas iomarcach na gcóras bainistíochta aerthráchta reatha agus an trealaimh bhainistíochta aerthráchta reatha i ndáil le hinfheistíochtaí agus le breiseanna nua i gcaitheamh na bliana. Mhéadaigh sócmhainní reatha ó €74.8 milliún i 2010 go €105.7 milliún i 2011, rud a léiríonn an feabhas a tháinig ar ghníomhaíocht sa tionscal eitlíochta. Tháinig méadú 6.7% ar shócmhainní iomlána go €207.1 milliún.

Tháinig méadú suntasach ar an nglandliteanas pinsin, bunús FRS 17, agus b'ionann é agus €132.5 milliún i 2011, i gcomparáid le €92.5 milliún i 2010. Léiríonn an méadú seo na dálaí eacnamaíocha éiginnte a bhí i ngeilleagair Eorpacha agus dhomhanda agus i margaí Eorpacha agus domhanda, mar a léiríonn an laghdú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun dliteanais phlean pinsin a luacháil, mar aon leis an tearcfheidhmíocht shuntasach maidir leis an toradh ar shócmhainní plean pinsin i rith na bliana.

Tá an IAA fós éifeachtach ó thaobh costais de agus, arís eile, tá a tháillí faoi bhealach i measc cuid den luach ar airgead is fearr sna Stáit ina bhfuil táillí EUROCONTROL i bhfeidhm, mar is léir ón ngraf a ghabhann leis seo.

Tá sé mar aidhm againn leanúint le seirbhísí faoi bhealach, críochfoirt agus cumarsáide a chur ar fáil atá sábháilte agus a thugann luach ar airgead, agus ag táillí atá cobhsaí, agus chomh híseal agus is féidir, comhsheasmhach le leibhéil chuí cháilíochta seirbhíse.

Seirbhísí Aerloingseoireachta

Tá sé mar chúram ar an Stiúrthóireacht Oibríochtaí, mar aon leis an Stiúrthóireacht Teicneolaíochta agus Oiliúna, seirbhís Bhainistíochta Aerthráchta (ATM) atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa a chur ar fáil, ag costas inghlactha, agus freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí.

Thagair mé níos luaithe do chur chun feidhme rathúil thionscadal COOPANS. Tá an tionscnamh seo bunaithe ar choincheap "iontráil oscailte" ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta eile a bheith páirteach i dtionscadal COOPANS agus leas a bhaint as tairbhí an chláir. Cuireann sé ar chumas an IAA a thiomantas do threoirphlean SESAR agus do mháistirphlean ATM an Choimisiúin Eorpaigh, rud a foilsíodh i 2009 agus ar ghlac an Coimisiún Eorpach leis. Is ionann é agus an treoirphlean le haghaidh gach mórfhorbairt ATM san Eoraip idir 2010 agus 2020.

EUROCONTROL Rátaí aonad faoi bhealach €

Rátaí Aonad 2012

Foinse: EUROCONTROL



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (ar lean)

Is é cuspóir chlár SESAR Córas Bainistíochta Aerthráchta (ATM) Eorpach a sheachadadh do 2020 agus níos faide anonn, a d'fhéadfadh, i gcomhthéacs fheidhmíocht an lae inniu, na nithe seo a leanas a chur i gcrích.

- méadú faoi thrí a dhéanamh ar acmhainn, rud a bheidh mar bhonn le moilleanna a laghdú, ar an talamh agus san aer araon
- feidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú faoi dheich
- laghdú 10% a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag eitiltí ar an gcomhshaol
- seirbhísí ATM a sholáthar ag costas d'úsáideoirí a bheidh 50% níos saoire, ar a laghad.

Meastar go mbeidh na príomhfhorbairtí teicneolaíochta ar fad ag teacht leis an treoirphlean seo. Meastar go gcinnteofar coinbhéirseacht le córas SESAR trí phacáistí forfheidhmiúcháin éagsúla a sheachadadh ar bhonn céimnithe trí mháistirphlean Eorpach ATM.

Tá sé beartaithe ag IAA teacht le SESAR trí chur le COOPANS idir 2012 agus 2018. Tar éis thabhairt isteach rathúil Chéim 1 i 2011, shínigh an IAA agus comhpháirtithe eile COOPANS – AustroControl agus Croatia Control san áireamh anois – ordú i mí an Mheithimh 2011 maidir le Céim 2 COOPANS, a bheidh i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine 2012 ar aghaidh.

Tá pleananna ag céim forbartha maidir le córas nua a thabhairt isteach do bhainistiú a dhéanamh ar aerárthaí isteach in aerfort Bhaile Átha Cliath ag deireadh na bliana 2012 nó go luath i 2013. Tabharfar "Point Merge" isteach mar chuid d'atheagrú an IAA ar an aerspás in aice le haerfort Bhaile Átha Cliath agus ligfidh sé seo d'aerárthaí tuirlingt ar ascnamh leanúnach, rud a shábhálfaidh breosla agus a laghdóidh astuithe CO_2. D'fhorbair EUROCONTROL an coincheap seo agus tástáladh é trí staidéar i gcomhar le lárionad rialaithe aerthráchta Pháras. Tugadh isteach é ag aerfort Gardermoen in Osló i mí Aibreáin 2011, agus beidh aerfort Bhaile Átha Cliath ar an dara haerfort san Eoraip a thabharfaidh "Point Merge" isteach.

Tá an-áthas orm a thuairisciú gur lean an chéad bhloc feidhmiúil aerspáis (FAB) atá i bhfeidhm, faoi rialacháin an Aerspáis Eorpaigh Aonair, idir an IAA in Éirinn agus NATS sa Ríocht Aontaithe, le seachadadh ar ár dtiomantais maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair. I rith 2010, dhírigh an FAB ar chomhtháthú oibriúcháin breise agus ar luach a chur le haerárthaí trasatlantacha a thrasnaíonn aerspás na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Lean na héifeachtachtaí oibriúcháin agus na coigiltis maidir le ciliméadair a eitlíodh, amanna eitilte, tonnáiste breosla, astuithe carbóin (CO_2), a ndearna mé tagairt dóibh anuraidh, le luach a chur leis na haerlínte, agus chuidigh siad le híoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag gníomhaíochtaí bainistíochta aerthráchta ar an gcomhshaol ag an am céanna.

Dearbhaíonn na coigiltis chainníochtúla atá leagtha amach in Anailís Costais is Tairbhe le déanaí de chuid an FAB go bhfuil an FAB ag soláthar luach breise suntasach do chustaiméirí aerlíne. Meastar gur dócha go mbeidh coigiltis bhliantúla i ngach bliain ó 2012 go 2020 cothrom le €36 milliún, rud arb ionann agus coigiltis 35,000 tona breosla agus 111,000 tona CO_2. Beidh na coigiltis charnacha iomlána ó 2008-2020 cothrom le níos mó ná €336 milliún, lena n-áirítear laghdú de 332,000 tona ar an méid breosla a dhóitear agus laghdú de níos mó ná 1 billiún tona ar astuithe CO_2. Táim muiníneach go mbainfear amach éifeachtachtaí breise le linn thréimhse an chéad phlean eile de chuid an FAB ó 2012 go 2015 agus táim ag súil le tuairisc a thabhairt ar na coigiltis bhreise sna blianta amach romhainn.

Thagair mé roimhe seo do thionscnamh mór inar shínigh soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta na hÉireann/na Ríochta Aontaithe agus FABanna na Danmhairge/na Sualainne meabhrán tuisceana i mí an Mhárta 2011, meabhrán a bhí deartha chun dul chun cinn maidir le héifeachtacht eitiltí fheabhsaithe, le cost-éifeachtacht fheabhsaithe agus le comhsheasmhacht oibriúcháin fheabhsaithe a bhaint amach, ar aon dul le cuspóirí feidhmíochta SES. Faoi théarmaí an mheabhráin tuisceana, tá an IAA, NATS, Naviair agus LFV ag déanamh scrúdú ar na buntáistí a bhainfeadh le caidreamh oibre níos dlúithe agus níos comhtháite. Tá na soláthraithe seirbhíse

aerloingseoireachta dírithe ar fheidhmíochtaí praiticiúla a fheabhsú, amhail éifeachtacht eitiltí fheabhsaithe, airde choiteann trasdula; feidhmíocht ghréasáin; agus forbairt ionad feabhais. Agus an méid sin á dhéanamh acu, leanfaidh siad ar aghaidh le bheith ag obair go dlúth le soláthraithe eile ANS i dTuaisceart na hEorpa.

Beartas Comhshaoil

Fuair an IAA gradam speisialta ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i mí na Samhna seo a chuaigh thart as a chuid oibre maidir le bealaí aerlíne a bharrfheabhsú le go ngearrtar achair thaistil faoi 2.2 milliún ciliméadar, rud a shábhálann 16 milliún lítear de bhreosla aerlíne in aghaidh na bliana. Tá straitéis an IAA á cur chun feidhme faoi láthair ag údaráis eile rialaithe aerthráchta, lena n-áirítear Lár-Ionad Rialaithe Aerthráchta Maastricht a rialaíonn trácht thar Thuaisceart na Gearmáine, thar an mBeilg, thar an Ísiltír agus thar Lucsamburg.

Tá sé mar aidhm ag beartas comhshaoil an IAA dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i mbainistíocht chomhshaoil agus an tionchar atá ag gníomhaíochtaí rialacháin sábháilteachta agus bainistíochta aerthráchta an IAA a laghdú. In ainneoin nach ionann an tionscal eitlíochta agus ach thart ar 2% d'astuithe dé-ocsaíd charbóin an domhain, cruthaíonn aeriompar thart ar 0.6 billiún tona de dhé-ocsaíd charbóin gach bliain.

Tá an IAA, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara eile go léir, gníomhach maidir le córas aerthráchta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt agus le freastal ar éileamh aerthráchta ag an am céanna. Mar a luadh, is léir cheana féin buntáistí a bheith ag baint leis an mbloc feidhmiúil aerspáis idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus is léir chomh maith tionchar dearfach a bheith ag a leithéid ar an gcomhshaol trí astuithe CO_2 a laghdú.

Córas Faireachais Dromchla Nua

Tar éis tréimhse fhairsing suíomh-thiúnadh agus bailíochtú sonraí, cumasaíodh cumais Mhonatóireachta um Ionraí Rúidbhealaí (RIM) agus cumais Sáruithe Barra Stop i mí an Mheithimh 2011 ar an gcóras faireachais dromchla nua ar a dtugtar Ardchóras Treorach agus Rialaithe Gluaiseachtaí Dromchla (A-SMGCS), a tugadh isteach den chéad uair ag aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá tuilleadh uasghráduithe beartaithe chun feabhas a chur ar an gclúdach in aice le Críochfort 2.

Ionad Oiliúna ATC

Tá Ionad Oiliúna an IAA ceadaithe ag an gComhlacht Náisiúnta Maoirseachta (NSA) ar aon dul le riachtanais EASA. Is é an príomhdhualgas atá air oiliúint theicniúil a fhorbairt agus a sheachadadh don Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhísí oiliúna ar fáil do chustaiméirí seachtracha ar bhonn tráchtála, faoi réir acmhainní cuí a bheith ar fáil. Bíonn an-tóir ar an oiliúint inmheánach gach bliain, rud is cúis le srian a bheith á chur ar sholáthar seirbhísí oiliúna do chustaiméirí seachtracha. I rith 2011, bhí an oiliúint inmheánach dírithe ar SCP (Clár um Stiúrthóirí Mac Léinn Aerthráchta) 8, 9 agus 10, mar aon le riachtanais oiliúna fhoireann oibríochtúil COOPANS. Reáchtáladh níos mó ná 6,500 daonlá oiliúna i 2011, rud a bhí cothrom le thart ar 3.6% dár mbonn costais.

College Ireland

I rith 2011, lean an IAA ar aghaidh le tacú le College Ireland maidir le hÉirinn a chur chun cinn mar ionad barr feabhais maidir le heitlíocht agus le hiompar agus maidir le "ionad ilfhreastail" a sholáthar le haghaidh oideachais, oiliúna agus comhairleoireachta san earnáil. Ar an iomlán, tá níos mó ná fiche eagraíocht na hÉireann ó na hearnálacha eitlíochta, seirbhísí éigeandála, iompair agus na hollscoile ina rannpháirtithe gníomhacha sa tionscnamh seo.

Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha agus Forbairtí Idirnáisiúnta Eile

Bhí an IAA fós gníomhach i bhfóraim éagsúla idirnáisiúnta i 2011, ag cur cuid mhór leis na rialacháin agus leis na tograí a bhain leis an Aerspás Eorpach Aonair. Leanaimid de bheith ag cur go gníomhach le cur chun feidhme Phacáiste SES II trí choistí éagsúla CANSO, EUROCONTROL agus an Choimisiúin Eorpaigh, agus leanaimid de bheith ag imirt tionchair air nuair is féidir.

Tacaíonn an IAA go gníomhach le CANSO trína bheith rannpháirteach sa choiste feidhmiúcháin agus ina ghrúpaí oibre éagsúla. Is é an misean atá

aige ardán domhanda a sholáthar do sheirbhísí aerloingseoireachta sibhialta atá tiomáinte ag custaiméirí – agus ag páirtithe leasmhara – agus béim ar leith ar sholáthar sábháilteachta, éifeachtachta agus cost-éifeachtachta.

Déanann an IAA ionadaíocht do Ghrúpa ABIS ar Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), atá lonnaithe i Montréal. Déanann Grúpa ABIS, a bunaíodh i 1980, ionadaíocht do sheacht Stát Eorpacha – An Ostair, an Bheilg, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an Eilvéis. Comhoibríonn Údaráis Eitlíochta Sibhialta na seacht Stát go dlúth trí ionadaíocht leanúnach an Ghrúpa a chothú trí pháirt á glacadh ag ceann amháin dá gcomhaltaí i gcomhlachtaí buana an ICAO.

Ceisteanna Foirne agus Pinsean

I m'athbhreithniú anuraidh, thagair mé don chomhaontú ar thángthas air le hionadaithe foirne maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh i gciste pinsin an IAA, a bhí cothrom le €234 milliún tráth dháta na luachála tríbhliantúla deiridh. Bhí an comhaontú ar thángthas air ag deireadh 2010 glactha ina dhiaidh sin ag an mBord Pinsean i 2011 mar thogra sásúil maoinithe ar mhaithe lenár gciste pinsin a fhilleadh chuig leibhéal riachtanach sócmhainneachta faoi 2018. Is éard a bhí i gceist leis an gcomhaontú méaduithe, ar ranníocaíochtaí fostóirí agus ar ranníocaíochtaí fostaithe araon, sa scéim pinsean, mar aon le reo pá agus pinsean a bheidh i bhfeidhm go deireadh na bliana 2013.

Ina theannta sin, thángthas ar chomhaontú i 2011 ar scéim pinsean hibrideach nua maidir le ceapacháin nua chuig post buan ón 1 Eanáir 2012. Tá an scéim nua ionadaíoch d'fhorbairtí i soláthar sochar pinsean ar fud an tionscail i gcoitinne. Feidhmeoidh an scéim hibrideach nua mar chiste ar leith agus leanfaidh sí le gné de shochar shainithe a chur ar fáil do cheapacháin nua suas le caidhp tuarastail sochair atá sainithe. Beidh rogha ag fostaithe a thuilleann níos mó ná an chaidhp páirt a ghlacadh i socrú ranníocaíochta sainithe.

Fhorchuir an tobhach pinsin a thug an Rialtas isteach san Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2011 tobhach 0.6% ar shócmhainní ár gciste pinsin do na blianta 2011, 2012, 2013 agus 2014. Chosain an tobhach €1.8 milliún ar ár gciste pinsin i 2011, agus measann luacháil achtúireach go mbeidh costas iomlán an tobhaigh thar an tréimhse ceithre bliana cothrom le €8.2 milliún. Thángthas ar chomhaontú le hionadaithe foirne an tobhach a mhaoiniú tríd an reo pá agus an reo pinsean, atá i bhfeidhm faoi láthair, a shíneadh faoi thréimhse ocht mí dhéag go dtí an 30 Meitheamh 2015.

Bhí dul chun cinn mór i 2011 maidir le comhaontú athbhreithnithe um leanúnachas seirbhíse a chur i gcrích. Tugadh tionscnamh nua dar teideal "Obair Trí Chomhpháirtíocht" isteach, rud a sholáthraíonn bonn le haghaidh cur chuige nua maidir le caidreamh fostaithe a bhainistiú san IAA. Áirítear leis, inter alia, foráil síochána tionsclaíche agus próiseas atá soiléir agus sainiúil don am maidir le hathrú a bhainistiú, agus ceapachán tionólaí taobh foirne.

Leanadh le tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairme agus d'fhorbairt phearsanta i 2011. D'fhonn tacú le pleanáil chomharbais, tugadh Clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin isteach do bhainisteoirí sinsearacha. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint i bpolasaithe agus i nósanna imeachta Acmhainní Daonna i gcrích do bhainisteoirí líne chun éascú a dhéanamh ar scileanna bainistíochta daoine le haghaidh bainisteoirí tosaigh.

I 2011 roghnaíodh ochtar mac léinn is daichead chun páirt a ghlacadh inár gClár um Stiúrthóirí Mac Léinn Aerthráchta, tar éis feachtas earcaíochta ina raibh níos mó ná 4,100 iarratasóir ag lorg áite.

Buíochas

Thar ceann na bainisteoireachta, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an obair a dhéanann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi stiúir an Uasail Tom O'Mahoney, an tArd-Rúnaí; agus an Uasail John Fearon, an Rúnaí Cúnta, mar aon lena gcomhghleacaithe.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom buíochas a ghabháil le gach ball foirne an IAA as bliain rathúil eile a sheachadadh. Ba mhian liom, go háirithe, buíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar an bhfoireann bhainistíochta as a n-obair chrua agus as a dtacaíocht i mbliain dhúshlánach. Tá buíochas tuillte freisin ag ár gCathaoirleach, Anne Nolan, as a treoir agus as a tacaíocht.

Mar gheall ar na dúshláin eacnamaíocha atá roimh ár gcustaiméirí, éilítear orainn feabhas a chur ar ár n-éifeachtacht oibriúcháin dóibh, agus leibhéil sábháilteachta a choimeád agus a fheabhsú ag an am céanna. I mo thuairim, táimid breá-ábalta freagairt ar na riachtanais seo – mar a d'fhreagraíomar le cúpla bliain anuas – agus is féidir linn a bheith ag tnúth go muiníneach le cibé rud atá i ndán dúinn.

Go raibh míle maith agaibh go léir.

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

IAA

RÁITIS AIRGEADAIS

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair, chomh maith le ráitis airgeadais iniúchta an Údaráis, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.

Príomhghníomhaíochtaí, torthaí airgeadais agus athbhreithniú

Tá an tÚdarás meáite ar sheirbhísí stiúrtha aeir agus rialaithe a sholáthar ar bhonn tráchtála, atá sábháilte, éifeachtach agus saor a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí.

Tá sonraí ar thorthaí airgeadais an Údaráis don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 23 agus sna nótaí coibhneasacha.

Áirítear an t-eolas atá ag teastáil ó Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasaithe), 1986, ar fhorbairt an ghnó agus imeachtaí tábhachtacha, i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Fheidhmeannaigh. Mar a thuairiscítear taobh istigh ann, bhí feidhmíocht an Údaráis sa bhliain reatha dearfach arís le brabús don bhliain airgeadais de €7.9m ar láimhdeachas de €179.0m.

I monatóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis, tá féachaint ag na stiúrthóirí agus ag na bainisteoirí do raon de phríomhtháscairí feidhmíochta mar a leagadh amach i Ráiteas an Chathaoirligh, go sonrach:

Príomhtháscairí Feidhmíochta	**2011**	2010
	Uimh.	Uimh.
Traseitiltí faoi Bhealach	**300,408**	292,813
Trácht Tráchtála Críochfoirt	**195,905**	195,489
North Atlantic Communications	**403,534**	389,174

Tá fís an Údaráis bunaithe ar chúig eochair-réimse toraidh a threoraíonn a chuspóirí ina fheidhmíocht laethúil – is iad sin rialachas sábháilteachta, sábháilteacht ATM, feabhas seirbhíse, caidreamh airgeadais agus páirtithe leasmhara. Áirítear cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sábháilteachta, forbairt de Bhloic Aerspáis Fheidhmiúla, dealú feidhmeanna na forála seirbhíse agus an rialacháin sábháilteachta, agus iontaoibh shuntasach an Údaráis ar a bhonneagar TF i measc na bpríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí maidir le forbairt an Údaráis sa todhchaí. Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leo seo agus rioscaí eile atá ag an Údarás. Leagann Ráiteas um Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 13 go 17 amach polasaithe an Údaráis agus a chur chuige maidir le rioscaí agus modhanna agus dualgais a bhaineann le rialú inmheánach.

Stiúrthóirí

Tháinig deireadh le tréimhse oifige an Uasail Eamonn Brennan agus athcheapadh don bhord é ar an 8 Meán Fómhair 2011. Ceapadh an tUasal Michael Norton don bhord ar an 6 Deireadh Fómhair 2011. Chuaigh Claire O'Donoghue Uasal ar scor ón mbord ar an 9 Eanáir 2012.

Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leasanna i scaireanna an Údaráis ag na stiúrthóirí nó ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2011 i dtosach na bliana, ná ag an dáta a ceapadh iad (más níos déanaí) ná ag deireadh na bliana.

Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt stiúrthóirí an Údaráis agus bíonn siad in oifig don tréimhse a ainmníonn an tAire nuair atá siad á cheapadh ach ní tréimhse níos faide ná ceithre bliana í.

Rialachas Corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta chun na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Is iad Cód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach (arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais) agus an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (leagan 2009) na boinn dá raibh ár rialachas corparáideach bunaithe. Aithníonn na stiúrthóirí forálacha na hiarscríbhinne Éireannaí do Chód 2010 agus tá a hoiriúnacht á meas acu i gcomhthéacs Údarás Eitlíochta na hÉireann mar chomhlacht tráchtála fo-stáit.

Prionsabail de rialachas corparáideach maith

Tá na stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóirí an Údaráis, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Aire Airgeadais, as rialachas corparáideach maith a bheith acu. Taispeánann an ráiteas seo a leanas conas atá na Prionsabail de Rialachas Corparáideach Maith curtha i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i gCód 2010 agus sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Bord na Stiúrthóirí

Tá an bord déanta suas de sheachtar stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin agus stiúrthóir feidhmiúcháin amháin ceaptha ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Chomh luath is a cheaptar stiúrthóirí nua, glacann siad páirt i gcúrsa ionduchtúcháin, áit ina bhfoghlaimíonn siad faisnéis airgeadais agus eile faoin Údarás, agus faoi róil an bhoird agus choistí an bhoird. Tá ról an chathaoirligh agus ról an phríomhfheidhmeannaigh difriúil óna chéile.

Tagann an bord le chéile go rialta agus tá sé freagrach as bainistíocht cheart an Údaráis. Déanann sé na breitheanna straitéiseacha tábhachtacha agus coimeádann sé rialú iomlán agus éifeachtach ar an Údarás, ach fós ag ligean don bhainisteoireacht feidhmiúcháin an gnó a reáchtáil go feidhmiúil agus go héifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe láraithe. Tagann an bord le chéile uair sa bhliain chun measúnacht fhoirmiúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht maidir lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Chuir an bord próiseas níos foirmiúla san áireamh do mheastóireacht stiúrthóirí i gcomhthéacs ceapachán stiúrthóirí, an struchtúir scairshealbhóireachta agus nósanna imeachta reatha an bhoird, baineadh de thátal as go mbeadh meastóireacht mar seo mí-oiriúnach.

Tá an bord tar éis gnéithe áirithe a roghnú dá athbhreithniú agus tá siad seo a leanas san áireamh – na ráitis airgeadais bhliantúla, na buiséid, an plean corparáideach, na conarthaí móra, caiteachas caipitil tábhachtach agus ceapachán na bainisteoireachta sinsir a fhormheas. Tugann gach stiúrthóir breith neamhspleách ar gach gné a phléann an bord, le gnéithe a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin iompair san áireamh.

Tá teacht ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus seirbhísí rúnaí an chomhlachta dá bhfuil freagrach don bhord chun a chinntiú go leantar gnáthaimh an bhoird agus go gcloítear le rialacha an bhoird. Tá comhairleoirí proifisiúnta an Údaráis ar fáil chun comhairle a thabhairt do na stiúrthóirí más gá. Is féidir le stiúrthóirí aonair comhairle neamhspleách phroifisiúnta a fháil, agus íocann an tÚdarás aisti. Tá na stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin go léir neamhspleách ón mbainisteoireacht. Cheadaigh an coiste pearsanra, ceapacháin agus luach saothair go dtabharfaí luach saothair don stiúrthóir feidhmiúcháin, go bhfuil conradh seirbhíse aige, agus bhí cuid den luach saothair sin bunaithe ar fheidhmíocht agus, mar sin, rinneadh ceangal idir cuspóirí an Údaráis agus cuspóirí an duine aonair. Socraíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt táillí na stiúrthóirí. Tá na nochtaí a bhfuil baint acu le díolaíochtaí stiúrthóirí agus eolas pinsin déanta sna ráitis airgeadais seo riachtanach faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (Ieagan 2009). Bíonn cainteanna leanúnacha ag an mbord agus ag an mbainisteoireacht le scairshealbhóirí an Údaráis ar cheisteanna straitéiseacha.

Chuir an bord sainiú stiúrthóir aonair mar Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach san áireamh agus i gcomhthéacs an mhodha ina ndéantar stiúrthóirí a cheapadh, baineadh de thátal as go mbeadh sé seo mí-oiriúnach.

Úsáideann an bord ceithre choiste:

1. coiste iniúchta
2. coiste airgeadas, pleanála agus straitéise
3. coiste pearsanra, ceapacháin agus luach saothair
4. coiste pleanála infheistíochta

chun cabhrú lena dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach.

Coiste iniúchta

Baill le linn 2011: an tUasal Peter G Ledbetter (Cathaoirleach), an tUasal Pat Dalton, agus an Dr. Rosheen McGuckian.

D'fhéadfadh an bord athbhreithniú a dhéanamh ar aon ghné a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Údaráis seachas ceisteanna sábháilteachta a fhorchoimeádtar don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh, ar na polasaithe cuntasaíochta, ar chloí leis na caighdeáin chuntasaíochta, ar na himpleachtaí cuntasaíochta d'idirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúchóra sheachtraigh. Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil de ráitis airgeadais an Údaráis a phleanáil agus ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta sin. Tá polasaí a rialaíonn foráil seirbhísí neamh-iniúchta glactha ag an iniúchóir seachtrach. Oibríonn an coiste iniúchta faoi théarmaí tagartha

foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana. Bhuail sé le chéile ceithre huaire i rith na bliana.

De ghnáth, bíonn an príomhfheidhmeannach, an leas-phríomhfheidhmeannach/an stiúrthóir airgeadais, ceann an iniúchta inmheánaigh, chomh maith le hionadaithe ó oibriúcháin, ó theicneolaíocht na faisnéise, ó árachas, ón athbhreithniú sláinte agus sábháilteachta agus lucht dlí agus a chomhlíonta, trí chuireadh de réir mar is cuí, i láthair ag na cruinnithe. Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an Údaráis agus déanann sé iad seo a leanas a mheas:

- acmhainní agus comhordú iad siúd atá bainteach le haithint, measúnú agus bainistíocht na rioscaí móra a bhíonn ag an Údarás
- an dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí móra aitheanta ag an mbainisteoireacht agus daoine eile
- monatóireacht de thuarascálacha ón mbainisteoireacht
- timpeallacht rialaithe a choinneáil i dtreo is go mbeadh bainistíocht cheart ar riosca, agus
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Tuairiscíonn an coiste iniúchta chuig an mbord ar bhonn ráithiúil de ghnáth nó níos minice, más gá.

Coiste airgeadais, pleanála agus straitéise

Baill le linn 2011: an tUasal Eamonn Brennan, Lorraine Burke Uasal agus Claire O'Donoghue Uasal.

D'fhéadfadh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ghné a bhaineann le bainistíocht airgeadais an Údaráis. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid chaipitil agus oibríochta bhliantúla, ar an bplean corparáideach, ar na cuntais bhainistíochta, ar an bpolasaí ciste, agus ar shocruithe árachais, bancála agus airgeadais. Oibríonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin i rith na bliana.

Coiste pearsanra, ceapacháin agus luach saothair

Baill le linn 2011: Anne Nolan Uasal (Cathaoirleach), Lorraine Burke Uasal agus an tUasal Geoffrey O'Byrne-White.

Socraíonn agus ceadaíonn an coiste luach saothair na bainisteoireachta sinsir tar éis dó dul i gcomhairle le comhairleoir pá neamhspleách. Déanann an coiste ceapacháin de bhainisteoireacht sinsir a fhormheas freisin. Tá sonraí ar tháillí agus ar shochair na stiúrthóirí leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais de réir riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (leagan 2009). Oibríonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile dhá uair i rith na bliana.

Coiste pleanála infheistíochta

Baill le linn 2011: an tUasal Pat Dalton (Cathaoirleach), an tUasal Peter G Ledbetter agus Claire O'Donoghue Uasal.

Is é ról an choiste seo straitéis an Údaráis a mheas maidir le hinfheistíocht chaipitil agus le caiteachas atá bainteach. Oibríonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile dhá uair i rith na bliana.

Rialú Inmheánach

Tá an bord freagrach go príomha as córas rialacha inmheánach an Údaráis agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht. Mar sin féin, tá córas dá leithéid ceaptha chun déileáil leis an riosca teipe seachas deireadh a chur leis ar fad i gcúrsaí aidhmeanna gnóthaí agus ní féidir leis ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú leithliseach a thabhairt i leith ráiteas míchruinn nó caillteanais.

Dearbhaíonn an bord go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha a dtugann an tÚdarás aghaidh orthu a aithint, a mheas agus a riar, a aontaíonn le Treoir Turnbull, próiseas atá i bhfeidhm don bhliain i mbun athbhreithnithe agus suas chuig dáta faofa na ráiteas airgeadais agus na dtuarascálacha bliantúla, agus dearbhaítear go ndéanann an bord athbhreithniú ar an bpróiseas sin ar bhonn rialta.

Tá an bord tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Go háirithe, tá siad tar éis athbhreithniú agus uasghrádú a dhéanamh ar phróiseas aitheanta agus measta na rioscaí móra ag a mbíonn éifeacht ar an gcomhlacht agus ar na polasaithe agus ar na gnáthaimh a úsáidtear chun déileáil leis na rioscaí seo.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (ar lean)

Tá sé seo athneartaithe trí Chód Eitice a ghlacadh, a bhí formheasta ag an mBord agus a thugann treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad. Tá polasaithe tacaíochta an Údaráis agus gnáthaimh don fhostaí ann chomh maith chun gníomhaíochtaí a cheaptar atá calaoiseach a thuairisciú agus a réiteach.

Tá an bhainisteoireacht freagrach as rioscaí móra a bhaineann lena cuid den ghnó a aithint agus a mheas agus tá sí freagrach as rialú inmheánach cuí a cheapadh agus a fheidhmiú. Déantar na rioscaí seo a mheas go rialta agus d'fhéadfaí iad a chomhcheangal le roinnt foinsí inmheánacha nó foinsí seachtracha agus iad seo a leanas san áireamh; briseadh síos rialaithe, fadhbanna sna córais eolais, iomaíocht matalaing nádúrtha agus riachtanais rialacháin.

Tá próiseas athbhreithnithe agus ceardlann ar rioscaí corparáideacha ar bun a chuireann cuntas freagrachta i gcáipéisí ar fáil. Tá na nósanna imeachta seo ábhartha ar fud oibríochtaí an Údaráis agus déanann siad foráil don tabhairt dearbhuithe comharbasacha ag leibhéil níos airde den bhainisteoireacht de réir a chéile agus, sa deireadh don bhord. Cabhraíonn an t-iniúchadh inmheánach seo leis an bpróiseas seo agus tugann sé dearbhú éigin maidir le hoibríocht agus le bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar monatóireacht neamhspleách ar aon phleananna ceartaithe i dtreo is go mbeidís críochnaithe ar bhonn tráthúil.

Tuairiscíonn an bhainisteoireacht go rialta don choiste iniúchta ar a athbhreithniú ar rioscaí móra agus ar an dóigh a láimhseáiltear iad. Is é príomhról an choiste athbhreithniú a dhéanamh ar son an bhoird ar na príomhrioscaí, ach amháin sábháilteacht, a d'fhéadfadh tarlú sa ghnó agus ar an gcóras rialaithe atá riachtanach chun riosca dá leithéid a bhainistiú. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na gnáthaimh chun riosca a aithint agus na próisis rialaithe curtha i bhfeidhm ag an mbainisteoireacht, agus tuairiscíonn sí don choiste iniúchadh ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúchta athbhreithniú ar na gnáthaimh dhearbhaithe chun áirithiú go n-úsáidtear éagsúlacht oiriúnach de theicníochtaí chun leibhéal dearbhaithe atá riachtanach don bhord a bhaint amach. Tugann an coiste iniúchta a thorthaí don bhord ar bhonn ráithiúil nó níos luaithe, más gá.

Tuairiscíonn an príomhfheidhmeannach don Bhord, thar ceann na bainisteoireachta, ar aon athruithe móra sa ghnó agus sa timpeallacht a mbíonn tionchar acu ar rioscaí móra. Soláthraíonn an leas-phríomhfheidhmeannach/an príomhoifigeach airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil don bhord. Nuair a aithnítear gné le haghaidh feabhsaithe sa chóras, pléann an bord na moltaí a dhéanann an bhainisteoireacht agus an coiste iniúchta.

Ina theannta sin, tá rialú airgeadais inmheánach an Údaráis déanta suas de na rialuithe ar bun chun dearbhú réasúnta a thabhairt ar:

- chosaint na sócmhainní ó úsáid neamhúdaraithe nó caitheamh, agus
- chuntais chuntasaíochta chearta a choimeád agus eolas airgeadais seasmhach le haghaidh úsáide laistigh den ghnó le haghaidh foilsithe.
- Is iad na príomheilimintí de chóras rialaithe airgeadais inmheánach an Údaráis ná:
- córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais, cuntasaíocht, bainistíocht chiste agus luacháil tionscadail
- teorainn agus gnáthaimh chinnte, soiléire i leith caiteachas airgeadais, le soláthar agus caiteachas caipitiúil san áireamh
- buiséid bhliantúla agus pleananna fadtéarmacha don Údarás agus do na haonaid ghnó ar fad, a aithníonn na príomhrioscaí agus na deiseanna
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne buiséid agus í a thuairisciú don bhord ar bhonn míosúil
- struchtúr eagraíochta atá deimhnithe go soiléir leis na dualgais roinnte amach go cuí agus teorainn ar chumhacht
- cód eitice foirmiúil a oireann don ghnó agus lámhleabhar foirmiúil don fhoireann
- feidhm iniúchta inmheánach a dhéanann athbhreithniú ar na príomhchórais airgeadais agus ar na hoibríochtaí ginearálta san eagraíocht, agus
- coiste iniúchta a cheadaíonn pleananna iniúchta agus a dhéileálann le gnéithe tábhachtacha rialaithe a ardaíonn an t-iniúchadh inmheánach nó an t-iniúchadh seachtrach; agus a cheadaíonn na ráitis airgeadais ag deireadh na bliana agus a dhéanann athbhreithniú orthu sula gcuirtear faoi bhráid an bhoird le haghaidh faofa iad.

Ráiteas géilliúlachta

D'fhorbair an tÚdarás a bheartas um rialachas corparáideach le héifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (leagan 2009) arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus le príomhphrionsabail agus prionsabail tacaíochta ábhartha an dea-rialachais a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí, i gCód 2010 arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil an tÚdarás i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (leagan 2009) agus le príomhphionsabail tacaíochta ábhartha an Chóid 2010 le linn na bliana airgeadais faoi athbhreithniú, le heisceacht roinnt réimsí atá sonraithe thíos inar glacadh leis nach raibh comhlíonadh deonach le forálacha an Chóid 2010 riachtanach don Údarás de bharr an mhodha ina gceaptar stiúrthóirí, struchtúr scairshealbhóireachta an Údaráis agus nósanna imeachta boird atá ann cheana féin:

- próisis agus nósanna imeachta um cheapadh cathaoirligh agus stiúrthóirí
- stiúrthóir sinsir neamhspleách agus cúrsaí neamhspleáchais
- feidhmíocht na stiúrthóirí aonair, boird agus coistí a mheas
- cruinnithe ar leith de chuid ball neamh-fheidhmiúcháin an bhoird
- cathaoirleacht an choiste pearsanra, ceapacháin agus luach saothair

Gnóthas leantach

Tar éis dóibh fiosrúcháin a dhéanamh, tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil foinsí fónta ag an Údarás chun dul ar aghaidh don am atá le teacht agus go bhfuil sé feiliúnach leanúint leis an mbonn de ghnóthas leantach a ghlacadh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Íoc pras cuntas

Comhlíonann Údarás Eitlíochta na hÉireann riachtanais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Comhlíonann an tÚdarás freisin Rialacháin (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach 2002-IR 388 de 2002.

Is iad téarmaí creidmheasa an Údaráis, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha, ná 30 lá ón sonrasc a fháil nó daingniú gur glacadh le hearraí nó seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Ritear tuarascáil ar bhonn míosúil ag ainmniú gach íocaíochta atá taobh amuigh de théarmaí creidmheasa sainithe an Údaráis lena chinntiú go bhfuil forálacha na reachtaíochta um íoc pras agus Rialacháin an AE i bhfeidhm. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011, faoi théarmaí na reachtaíochta um íoc pras agus Rialacháin an AE, bhí iomlán de 119 íocaíocht de luach €1,283,956 déanach, ar an meán 24 lá déanach mar gheall ar mhoill i sonraisc a fháil nó ar ar dheimhniú um ghlacadh earraí agus seirbhísí. B'ionann na híocaíochtaí seo agus 1.15% de réir uimhreacha agus 2.75% de réir luacha de gach íocaíocht le soláthraithe ar son earraí agus seirbhísí le linn na bliana. Tháinig ús a íocadh maidir leis na híocaíochtaí seo agus €2,756. Déanann an tÚdarás athbhreithniú go leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú leis an am a thógann sé chun ceisteanna faoi shonraisc a réiteach a laghdú.

Cuntais Chuntasaíochta

Tá na stiúrthóirí sásta gur chloígh siad le riachtanais alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, i leith leabhar cuntais trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú leis na scileanna riachtanacha agus trí go leor foinsí cuí a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais an Údaráis ag The Times Building, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

Sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe

Tá sláinte, sábháilteacht agus leas fhostaithe an Údaráis cosanta trí chloí le caighdeáin sláinte faoi réir riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2007. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar an ráiteas sláinte agus ar a chloí leis an reachtaíocht.

Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon eachtra shuntasach ó 31 Nollaig 2011 chun athruithe a chur ar na ráitis airgeadais nó eolas breise a thabhairt fúthu.

An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an tÚdarás aon síntiús polaitiúil i rith na bliana.

Iniúchóir

Fanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan	**Eamonn Brennan**
Cathaoirleach	*Príomhfheidhmeannach*

30 Márta 2012

RÁITEAS AR CHÚRAIMÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

Éilíonn dlí na cuideachta ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Údaráis a ullmhú i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, ina gcuimsítear dlí Éireannach is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn mar a leasaítear i leith bhailiú na gcostas pinsin a chuirtear san áireamh i muirir sheirbhíse ar bord agus loingseoireachta críochfoirt, mar a mhínítear sa nóta um 'bonn ullmhúcháin' ar leathanach 21. Cuirtear san áireamh an muirear agus comhionannú ioncaim ábhartha i leith oibleagáidí plean pinsin le sochar sainithe ar bhonn airgid reatha, in ionad bonn costas seirbhíse, sa chuntas brabúis agus caillteanais don deireadh bliana. Déantar é seo a choigeartú tríd an ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais aitheanta iomlána (STRGL). Cé go bhfuil an cur chuige sin ina dhifriú le "Sochair Scoir" de Chaighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais (FRS 17), measann na stiúrthóirí go bhfuil sé seo riachtanach ionas go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar na torthaí don bhliain agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail dáta an chláir chomhardaithe.

Éilítear, de réir an dlí, ar ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíorcheart a thabhairt ar staid chúrsaí an Údaráis agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Údaráis don bhliain sin. Le linn ráiteas airgeadais a ullmhú, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta stuama a dhéanamh
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach toimhdiú go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar staid airgeadais an Údaráis ag am ar bith agus ina gcuirtear ar a gcumas áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní an Údaráis a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann riachtanais Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Tá na stiúrthóirí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fholaítear ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Féadfaidh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais bheith difriúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird:

Anne Nolan	**Eamonn Brennan**
Cathaoirleach	*Príomhfheidhmeannach*

30 Márta 2012

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

le baill Údarás Eitlíochta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 atá déanta suas de Chuntas Brabúis agus Caillteanais, Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta, Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgeadais, agus nótaí ábhartha. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe faoi na polasaithe cuntasaíochta leagtha amach anseo.

Tá an tuarascáil seo déanta do bhaill an Údaráis amháin, mar chomhlacht, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Tá ár n-obair iniúchta glactha i dtreo is go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill an Údaráis na hábhair a iarrtar orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil an iniúchóra agus ní d'aon aidhm eile. Chomh hiomlán is atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht le haon duine seachas an tÚdarás agus baill an Údaráis mar chuideachta, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá cruthaithe agam.

Cúraimí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Leagann an Ráiteas ar Chúraimí na stiúrthóirí ar leathanach 18 síos dualgais na stiúrthóirí chun an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí feidhmeach agus de réir caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna bhfeidhmiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn).

Is é ár ndualgas na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas rialaithe dlíthiúla ábhartha agus de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta (an RA agus Éire).

Tuairiscímid duit ár dtuairim faoi an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart nó nach dtugann agus an bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tuairiscímid duit chomh maith cibé, dar linn, an bhfuil: leabhair chuntais chearta coimeádta ag an Údarás; pé acu ag dáta an chláir chomhardaithe, go bhfuil ann cás ina bhfuil gá le cruinniú ginearálta urghnách den Údarás a thionól; agus pé acu an bhfuil an t-eolas tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, sonraímid pé acu an bhfuaireamar gach eolas agus míniú riachtanach ar mhaithe leis an iniúchadh, agus faoi cé acu atá nó nach bhfuil ráitis airgeadais an Údaráis comhaontach leis na leabhair chuntais.

Tuairiscímid duit freisin mura bhfuil, inár dtuairim, eolas sainithe de réir an dlí maidir le luach saothair stiúrthóirí agus le hidirbhearta leis an Údarás nochta, agus san áit inar féidir, cuirimid a leithéid d'eolas inár dtuarascáil.

Léimid an t-eolas eile sa tuarascáil bhliantúil, agus measaimid an bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Baineann an t-eolas seo le tuarascáil na stiúrthóirí, ráiteas an chathaoirligh, athbhreithniú an phríomhfheidhmeannaigh agus an achoimre chúig bliana amháin. Déanaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil a mheas má mhothaímid aon mhífhaisnéis dealraitheach nó neamhréir ábhartha le ráitis airgeadais. Ní leathnaíonn ár gcúraimí go dtí aon eolas eile.

Déanaimid athbhreithniú, ar iarratas ó na stiúrthóirí, faoi cé acu atá nó nach bhfuil:

(1) an ráiteas deonach ar leathanaigh 13 go 17 géillsineach do naoi bhforáil de Chód na Ríochta Aontaithe maidir le Rialachas Corparáideach atá sainithe le bheith athbhreithnithe ag Iniúchóirí, faoi mar atá leagtha amach i Rialacha Liostála Stocmhalartán na hÉireann, agus (2) an ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánach ar leathanaigh 15 agus 16 géillsineach do léiriú an Údaráis ar fhorálacha an Chóid Dea-Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit atá sainithe le bheith athbhreithnithe ag Iniúchóirí agus tabharfaimid tuairisc faoi mura ndéanann na ráitis é seo. Ní éilítear orainn breathnú ar cibé an gclúdaíonn ráitis an bhoird ar rialú inmheánach na rioscaí agus na rialuithe go léir, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtacht ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Údaráis nó a ghnáthaimh riosca agus rialaithe.

Bonn na tuairime iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta (an RA agus Éire). Tá scrúdú, ar bhonn teiste, d'fhianaise bainteach leis na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais san áireamh san iniúchadh. Tá measúnú de na meastacháin agus na breithiúnais thábhachtacha déanta ag na stiúrthóirí san ullmhúchán de na ráitis

airgeadais san áireamh freisin, agus cibé acu atá nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Údaráis curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochta go fónta nó nach bhfuil.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh i dtreo is go bhfaighimis an t-eolas agus na míniúcháin go léir a cheapamar a raibh gá leo chun leorfhianaise a sholáthar súinn chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhífhianaise ábhartha, cibé de bharr calaoise nó neamhrialtachta eile nó earráide. Agus ár dtuairim á déanamh againn, rinneamar sásamh iomlán an taispeántais d'eolas sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

Míniú ar chostais phinsin

Mar a mhínítear i ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta ar leathanach 21, imíonn an tÚdarás ó ghéilliúntas iomlán leis na riachtanais tuairiscithe de chuid Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 "Sochair Scoir" (FRS 17). Cuireadh an táille phinsin agus an cothromú ioncaim gaolmhar do dhualgais phinsin sochair sainmhínithe san áireamh ar bhonn airgid thirim, seachas ar bhonn costais seirbhíse, sa chuntas brabúis agus caillteanais. Tá sé seo coigeartaithe trí ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán. Síleann na stiúrthóirí go bhfuil sé seo riachtanach ionas go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar na torthaí don bhliain agus do staid airgeadais an Údaráis ag dáta an chláir chomhardaithe. Níl ár dtuairim iniúchta cáilithe sa chaoi seo.

Tuairim

Is é ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2011 agus dá bhrabús don bhliain dar críoch sin
- gur ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009 arna leasú do bhailiúchán chostais na bpinsean atá san áireamh i dtáillí seirbhíse aerloingseoireachta aerstáisiúin agus faoi bhealach atá sonraithe ar bhonn an ullmhúcháin ar leathanach 21.

Ábhair eile

Tá an t-eolas seo agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim go raibh leabhair chuntais chearta coimeádta ag an Údarás, Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Níl glansócmhainní an Údaráis, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, níos lú ná leathchuid den méid scairchaipitil tugtha suas agus, is é ár dtuairim, ar an mbonn sin nach raibh stádas airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2011 lena raibh gá le cruinniú neamhghnách an Údaráis a thionól, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

Caroline Flynn
Thar ceann
KPMG
Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchta Reachtúil
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

30 Márta 2012

RÁITEAS NA BPOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a rabhthas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Údaráis, leis an eisceacht a bhaineann le costais na bpinsean a thabhairt san áireamh de réir mar atá sonraithe sna hailt atá le teacht.

Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais
Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus faoin dlí is infheidhme agus faoin gcleachtas cuntasaíochta coitianta in Éirinn a áiríonn géilliúlacht le caighdeáin tuairiscithe airgeadais de chuid an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta, mar a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, arna leasú don imeacht ó lán-ghéilliúlachta le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 "Sochair Scoir" (FRS 17).

Scoith an léargais fhíorchirt
Is páirtí í Éire i gcomhaontú ilsleasach (EUROCONTROL) maidir leis an mbailiúchán de tháillí do sheirbhísí stiúrtha faoi bhealach. Faoi Alt 47 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, déanann an tÚdarás an fheidhm seo ar son an Stáit. D'aontaigh na stáit rannpháirteacha gur chóir go n-athghabhfaí nó go dtabharfaí ar ais go d'úsáideoirí, aon difríocht idir ioncam agus costais sainithe seirbhísí stiúrtha faoi bhealach trí tháillí a leasú i mblianta níos déanaí.

Soiléiríodh sainmhíniú na gcostas sainmhínithe i 2007 d'fhonn na híocaíochtaí airgid thirim go léir do chistí pinsin a chuimsiú cé nach raibh páirtithe roimhe seo don chomhaontú ach i dteideal na táille cuntasaíochta pinsin a aisghabháil. Faoi fhorálacha an FRS 17, níl cead ag cuideachtaí íocaíochtaí airgid thirim a ghearradh don chuntas brabúis agus caillteanais agus ní mór dóibh an táille chuntasaíochta pinsin amháin a thaifeadadh, mar atá socraithe ag achtúire na scéime.

I dtreo is go gcuireann torthaí an Údaráis agus an chláir chomhardaithe léargas fíorcheart ar fáil, is í tuairim na stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach imeacht ó riachtanais an FRS 17 agus na ranníocaíochtaí airgid thirim go léir a rinneadh don chiste pinsin a chur san áireamh sna speansais oibrithe i ngach bliain airgeadais agus chun creidmheas frithchúitimh a thaifeadadh i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán (STRGL) d'fhonn an t-airgead tirim a íocadh sa bhreis ar an táille phinsin a ríomhtar go hachtúireach a léiriú. Tá an tÚdarás den tuairim go bhfuil an cur chuige seo riachtanach i dtreo is go léiríonn a chuid ráitis airgeadais reachtúil prionsabail ghearrtha na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta agus EUROCONTROL go cruinn agus an tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993. Tá cur síos ar thionchar an imeachta le fáil i nóta na gcostas pinsin thíos.

Láimhdeachas
Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas agus atá infhaighte maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas ar fheidhmeanna rialaithe reachtúla curtha i gcrích i nochtadh riachtanas rialachán sábháilteachta.

Ioncaim chríochfoirt agus faoi bhealach
Mar a shonraítear thuas, tá an tÚdarás i dteideal na ndifríochtaí idir ioncam agus na costais sainmhínithe a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil. Tá foráil déanta do na difríochtaí a thagann chun cinn idir ioncam agus na costais sainmhínithe i gcuntas cothromaithe ioncaim agus déantar iad a choigeartú i gcoinne ioncaim a thagann chun cinn ó ghníomhaíocht faoi bhealach. Déantar ioncam agus costais maidir le bealach isteach, seirbhísí tuirlingthe agus imeachta a chothromú i slí chosúil. Tá suimeanna fabhraithe faoi na téarmaí den mheicníocht chothromaithe ioncaim i láimhdeachas agus aitheanta mar nithe infhaighte nó iníoctha sa chlár comhardaithe chun substaint an chomhaontaithe EUROCONTROL a léiriú.

Sócmhainní inláimhsithe seasta agus dímheas
Sonraítear sócmhainní inláimhsithe seasta ag costas, lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas chun an costas de gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, ag cur san áireamh trealamh a ceannaíodh mar chuid d'fheistiú, ar bhonn líne díri thar an saol atá ceaptha dó a bheith úsáideach, ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

Foirgnimh	5%
Suiteálacha comhlánaithe agus oibreacha eile	*8 ⅓% – 12½%*
Trealamh Oifige	*20% – 33 ⅓%*

Déantar dímheas ar shócmhainní ón dáta a shanntar iad le haghaidh oibre.

Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ar chostas stairiúil agus ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go gcuirtear chun feidhme iad.

Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíos léasa oibríochta de réir mar a fhabhraíonn siad thar thréimhse na léasanna.

Airgeadraí eachtrannacha

